Éadaí

Laethanta Saoire

Léigh an sliocht.

Rachaidh mé ar mo chuid laethanta saoire i mí na Bealtaine. Rachaidh mé go dtí an Spáinn.
Beidh sé an-te agus tirim ann ach b'fhéidir go mbeidh sé beagáinín fuar san oíche.
Cad a chuirfidh mé sa mhála taistil?
Cuirfidh mé mo chulaith shnámha isteach. Beidh linn snámha ann agus rachaidh mé go dtí an trá.
Tabharfaidh mé geansaí amháin ar eagla go mbeidh sé fuar san oíche. Tabharfaidh mé bríste gairid liom agus t-léinte.

Tabharfaidh mé hata gréine ach ceannóidh mé uachtar gréine sa Spáinn. Beidh sé níos saoire ansin.
Tabharfaidh mé gúna deas liom freisin. Íosfaidh mé mo dhinnéar gach oíche i mbialann dheas agus gléasfaidh mé mé féin gach tráthnóna don bhéile.
Cad eile a bheidh uaim? Mmm!
Caithfidh mé *flip-flops* i lár an lae ach caithfidh mé cuaráin dheasa sa tráthnóna. Tiocfaidh mé abhaile tar éis seachtaine. Ó! Tá mé ag súil go mór leis!